RIALACHÁN (AE) 2023/1565 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Iúil 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1568 ón gComhairle an 28 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/788/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ([2]) ón gComhairle, tugtar éifeacht do Chinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle ([3]) agus foráiltear do bhearta áirithe atá dírithe i gcoinne daoine atá ag gníomhú de shárú ar an lánchosc arm maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear a gcuid sócmhainní a reo.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide in PDC, leasaítear le Cinneadh (CBES) 2023/1568 na critéir maidir le liostú uathrialach an Aontais chun gur féidir bearta sriantacha spriocdhírithe a chur i bhfeidhm i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a thugann tacaíocht d'aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine a chothú i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

(3) Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun éifeacht a thabhairt do Chinneadh (CBES) 2023/1568, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na bearta sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach sna Ballstáit uile.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2b de Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) tacaíocht a thabhairt do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá freagrach as an gcoinbhleacht armtha, an éagobhsaíocht nó an neamhshláine a chothú in PDC.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) Féach leathanach 37 den Iris Oifigiúil seo.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle an 18 Iúil 2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 193 23.7.2005, lch. 1).
([3]) Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle an 20 Nollaig 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (IO L 336 21.12.2010, lch. 30).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. NAVARRO RÍOS